CORA Cork Open Research Archive
Cartlann Taighde Oscailte Chorcaí

Title	'Na Prátaí Dubha' agus déantúis eile a leagtar ar Mholly na Páirce
Authors	Ó Gealbháin, Ciarán
Publication date	2015
Original Citation	Ó Gealbháin, C. (2015) ''Na Prátaí Dubha' agus déantúis eile a leagtar ar Mholly na Páirce', An Linn Bhuí-, 19, pp. 41-62.
Type of publication	Article (peer-reviewed)
Rights	© 2015, Ciarán Ó Gealbháin.
Download date	2026-11-17 05:41:24
Item downloaded from	https://hdl.handle.net/10468/13618

UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

‘Na Prátaí Dubha’ agus Déantúis Eile a Leagtar ar Mholly na Páirce

Ciarán Ó Gealbháin

Agus ‘Scoil an Chalaidh’ faoi lánseol i mBaile na nGall i 1905, bhí An Dochtúir Oirmhinneach Risteard de Hindeberg (1863–1916) gleithearánach sa dúthaigh chéanna ag cnuasach ceol dúchais na muintire le cabhair na teicneolaíochta ba nua aimsirí amuigh ag an am. Ba le linn do a bheith i Washington Mheiriceá a chéadchuir sé suim san Ediphone (Ziegler) agus bhí sé ar an duine ba thúisce sa tír seo a chuaigh i mbun obair eitneagrafaíochta leis an ‘bhfeairín miotail’ úd, ar filleadh go hÉirinn do i 1903, tráth a chrom sé ar thaifeadtaí fuaime a dhéanamh de cheol na ndaoine. Nach méanar dúinne inniu go maireann na buidéil ceoil sin a líon sé an uair úd, iad i measc na samplaí is luaithe dá bhfuil ar marthain de cheol dúchais na hÉireann (Smith) agus den amhránaíocht ar an nós Gaelach.[1]

Ar dhuine acu sin a sholáthair roinnt amhrán don Dr de Hindeberg, samhradh na bliana 1905, bhí gearrchaile óg de bhunadh Bhaile Uí Raghallaigh, Máiréad Ní Néill, ‘… [a girl of] between nine and ten years of age when the record was taken’ de réir an bhailitheora (Henebry 303).[2] Is cosúil gur thug sí aghaidh ar Bhoston roinnt bhlianta éigin ina dhiaidh sin agus, dála go leor eile an tráth úd, imeacht gan chasadh ba ea é. Díol suime dúinn an dá phíosa a chuir sí síos ar aon fhiteán amháin don sagart ceolmhar, an 3 Iúil 1905. Ba é ‘The Red-haired Man’s Wife’[3] an chéad amhrán aici – leagan Déiseach den amhrán cáiliúil sin, ‘Bean an Fhir Rua’. Ach maidir leis an tarna píosa ar an bhfiteán sin, tá sé ar na nithe is suimiúla sa chnuasach trí chéile, dá ghiorracht é: níor sholáthair an Dr de Hindeberg teideal don phíosa áirithe seo, ach tá déanta amach agam le gairid gurb é atá ann aon véarsa amháin d’amhrán a dtugtaí idir ‘Na Gaibhne’, ‘Baile an Chlampair’ agus ‘Mo Shlán Chughaibh a Ghaibhne’ air, amhrán beag áitiúil ná fuil le clos inniu sa dúthaigh, go bhfios dom, cé gur bhreac Nioclás Breatnach (1912–2002) roinnt éigin babhtaí é, ó bhéalaithris na muintire, i dtriochaidí na haoise seo caite.[4] Seoid is ea an taifead seo ar an abhar sin amháin:

> Ó mo shlán chughat, a Ghaibhne, ’s go n-éirigh an t-ádh leat,
> ó ’á bhfainfeadh mid ’núr dtimpeall bheadh meidhir orainn agus áthas,
> seachas dul ’dtí Baile an Chlampair i gcontúirt ár mbáite,

’s ár gcuid fear go buartha ’s a nguaille striopáltha
ó bheith ’síor-spealadh gruaige de mhórchlocha gránna.[5]

Tamall lastuaidh de leithinis na Rinne, i gCuan na Maothaile, atá na ‘Na Gaibhne’, foirmíochtaí carraige ná bíonn nochtaithe ach le linn trá mhara rabharta, tráth go mbíodh deis ag iascairí na Rinne fómhar trioscair a bhaint dóibh, rud a deintí anuas go deireadh na naoú haoise déag,[6] fad is gur i mbaile fearainn Bhaile na Cúirte ar an dtaobh thall den chuan atá Baile an Chlampair, mar a mbíodh go leor ualach den leasú seo na farraige á mbaint, leis, tráth dá raibh (Verling).

I ngearrchuntas a bhreac Seosamh Ó Dálaigh (1909–92) ón seanchaí clúiteach, Maidhc Dháith Turraoin (1878–1963), Meán Fómhair na bliana 1945, ag tagairt do ‘Mo Shlán Chughaibh a Ghaibhne’ deir Maidhc gur ‘Cealla a dhein é sin i mBaile na nGall’ (ibid., 331). Níl aon chuntas thairis sin aige ar an amhrán, ná ar an gCeallach a luann sé mar údar leis, ach tá tugtha le tuiscint aige gur fhear éigin den sloinne sin a chum. Suimiúil go maith, áfach, i bhfoinse eile, .i. *Beatha Mhichíl Turraoin* (1956), leagtar breis mhaith eolais ar an seanchaí céanna i dtaca leis an amhrán seo:

> An dream ná bíodh a ndóithin aoiligh aca chaithfidís dul i muinighin triosgair. Na daoine ná bíodh bó ná capall aca ní bhíodh de leasughadh aca ach é, theightí ’á bhaint i mbáid amach ar na carraigeacha le corrán triosgair. … Ceathrar a bhíodh i ngach bád, agus nuair a bhídís féin sásta dhe theighidís go Dúngarbhán á dhíol. Bhíodh feirmeoirí ag fuireach leo annsan chum é do cheannach uatha. …
>
> Nuair ná bíodh aon triosgar le fagháil ar na carraigeacha theigheadh an dream a bhíodh ar a lorg go dtí an taobh eile den gcuan, agus dhein *ban-fhile a bhí i mBaile na nGall* cáineadh ar an áit a thugadar a n-aghaidh, is é sin Baile an Chlampair, ach labhrann an Baile léi san bhfilidheacht agus deireann sé léi casadh air ar thráigh mhara an lá ina dhiaidh san; go n-aithneochthaí a gcruacha ag gabháil suas an chanáile; go mbeadh na feirmeoirí ag fuireach leo chum é cheannach; púnt d’iarraidh air, agus go ndeurfaidís sin leo cúig deug do ghlacadh air. Fágann an file beannacht a’s ceud ag Baile an Chlampair annsan agus deireann sí leis go mbeidh siad ag triall air le fuinneamh an lá ina dhiaidh san. (Ó Cionnfhaolaidh 45–6; liomsa an bhéim)

Cé nár foilsíodh *Beatha Mhichíl Turraoin* (an saothar as ar thógadh an cuntas seo thuas) go dtí an bhliain 1956, agus bíodh is ná raibh teacht air go forleathan go dtí ’57, is eol dúinn go raibh an bhunscríbhinn i seilbh



Míchéal Turraoin ('Maidhc Dháith') 1878–1963

na bhfoilsitheoirí, An Gúm, ó lár na ndaichidí amach, ach gur ligeadh i ndearmad ar fad é, ar chuma éigin, go lár na gcaogaidí (Ó Drisceoil). D'fhágfadh san, más fíor, gur bhailíodh an dá chur síos chontrátha seo ar an amhrán ón bhfaisnéiseoir céanna, i bhfoisceacht cúpla bliain éigin dá chéile. Ar an abhar san, ritheann sé linn go mb'fhéidir nárbh é Maidhc féin a sholáthair an insint dheireanach seo ar an scéal in aon chor, ach go bhfuil lorg láimhe an eagarthóra, Míchéal Ó Cionnfhaolaidh (1887–1956), dlúthchara an tseanchaí, le sonrú ar an mbeathaisnéis anseo, faoi mar atá i mbaill eile den saothar – ceist atá cíortha go mion ag Proinsias Ó Drisceoil in An Linn Bhuí 5.

Pé scéal aige sin é, maireann in áit eile cur síos, maille le trí véarsa den amhrán céanna, a thugann breis tacaíochta don tuairim gur bhean áirithe de bhunadh Bhaile na nGall a chum. I gcur síos a bhailigh Nioclás Breatnach ó Mháire Thomáis Mhicí (Ní Mheachair), Bean Uí Mhuirithe (1847–1938) [samplaí: An Linn Bhuí 4 (2000) 95; 15 (2011) 40], go gairid sarar chaill-eadh í i dtriochaidí na haoise seo caite, ag tagairt d'amhrán ar ar thug sí 'Na Gaibhne', deir sí:

> Ba í mo sheanamháthair a cheap, a dhein a*n* t-amhrán san. Dhein sí é sin fér tháinig an leasú nua so amach, an Gúana agus an *slag* . . . Bhíoch na fearaibh a' dul síos go dtí an tráig agus bhídís a' baint trioscar des na clocha. Sin é atá san amhrán 'Ó bheith a' síor-loma gruaige de chlocha na trá' thíos'. (CBÉ 151:341–42)[7]

Is don bhanfhile sin Máire Ní Dhroma, Bean Uí Thurraoin – 'Molly na nAmhrán', nó 'Molly na Páirce' – a bhí Bean Uí Mhuirithe ag tagairt anseo, agus í ag labhairt ar a seanmháthair. Ba de bhunadh Bhaile na nGall Molly, rud a thagann arís lena bhfuil sa chuntas deireanach so thuas a leagtar ar Mhaidhc Dháith, tugtar faoi ndeara. Is ait linn, mar sin, ná luafadh Maidhc údar an amhráin ina hainm agus ina sloinne dá mba dhóigh leis gurbh í Molly na Páirce a chum, tharla gur sa Pháirc a saolaíodh é féin, scór go leith éigin bliain tar éis bhás an fhile, i bhfoisceacht urchar mhéaróige don áitreabh ina raibh sí pósta tráth. Gheofaí an rud céanna a rá sa chás gurbh é eagarthóir an tsaothair a sholáthair an t-eolas seo, sa mhéid is gur ar an láthair chéanna sin arís a bhí muintir Chionnfhaolaidh ag cur fúthu, agus gur ann a thóg an scríbhneoir a mhuirear féin (Mac Craith 1998).

Pé mar gheall ar an méid sin, tugtar anseo thíos an t-amhrán mar a roinn Bean Uí Mhuirithe le Nioclás Breatnach é, ina tigh féin, Tábhairne Uí Mhuirithe, Ceann Heilbhic, ar 17 Nollaig 1935:

> Céad slán chúibh se a Ghaibhne go neiríg a t'ádh libh
> Á bhfanhaimíst núr dtimpall bheadh ár muinntear go sásta
> Tá *ár* gcuid fear fí bhuaireamh 's a nguaille stripáltha
> Ó bheith a' síor loma' gruaige de chlocha na trá' síos.
>
> Is a Bhaile an Chlampair déin annsocht 's ná cáin mé
> Mar tabharhadsa leahuair dív a' fhuasalóig a' cás san
> Ar thrá bharra thuile bíoch fuinneamh núr gcnánna
> Agus beig na báid fí na gcruacha a' buala' suas a' cnáile.
>
> Ner a chuamar 'un bhaile mhóir leis bhí na cruacha chún árd san
> Bhí ceannaí agus fiche a' fáilt gloine agus cáirt dúinn
> Dh'iarramar púnt; seo cúig déag id láimh duit
> Mo ghrá thú Baile 'n Chlampair is be' me anonn chút amáireach.

Damaid 'Na Gaibhne', leagann Bean Uí Mhuirithe dornán déantús eile ar a seanmháthair sa chnuasach tábhachtach amhrán agus seanchais seo ó mhí na Nollag 1935, agus cuirtear i láthair mar aguisín iad in íochtar an ailt

seo: 'An Táilliúir', mar shampla, amhrán faoi achrann a d'éirigh idir táilliúr áirithe, fear darbh ainm 'Paidí Carey' de réir dealraimh, agus garsún éigin a tharraing cic ar a mhadra! 'Rabhán' a dúirt Molly lá don Athair Purcell, Sagart Paróiste na Rinne ó 1831 go 1847 – fear a bhíodh ag triall uirthi go minic is cosúil, 'ag baint amhráin [*sic*] aisti' (CBÉ 151:371) – is ea 'Amhrán an Tuinncéara' de réir an chuntais chéanna, fad is go dtugtar an cur síos seo a leanas dúinn ar 'Amhrán na Méire':

> Bhíoch Máire ní Dhroma ag luasca' an chliaváin chois na tine agus lá amháin 'sí a' múna' paidir don leanbh a bhí sa chliaván dh'aire sí an t-achrann thíos ar a' ché agus dh'aire sí an bruíon thíos ar a' tráig agus d'aithin sí go raibh gaol di héin san achrann agus dh'fhág sí an páiste agus an cliaván as a diaig agus rioch sí síos dh'iarracht orha agus bhí sí a' diarra an tárrtháil a dhéana' agus pé buille tuibaiste a bhuail fear díobh do bhris sé méar Mháire agus tháine sí abhaile agus ní leig sí dada erhe agus dhein sí amhrán don méir. (CBÉ 151:351)

Tá insan mbailiúchán seo, leis, greas grinn ar ar thugadh 'An Siota', é leagtha ar Mholly anseo,[8] fad is gur bhailíodh 'Na Gleannta' ón bhfaisnéiseoir céanna ní beag ba luaithe sa bhliain – amhrán atá luaite le Molly i mball eile.[9] Agus, mar a bheifí ag súil b'fhéidir, maireann leagan de 'Amhrán na bPrátaí Dubha' ó bhéalaithris Bhean Uí Mhuirithe i bhfochair na coda eile seo, an píosa cumadóireachta is fearr a leagtar coitianta ar Mháire Ní Dhroma gan aon amhras, agus an saothar is mó ar a seasann a cáil inniu.

Máire Ní Dhroma – idir stair agus sheanchas

Saolaíodh Máire Ní Dhroma i mBaile na nGall Beag, Rinn Ó gCuanach, i mblianta déanacha na hochtú haoise déag, is é is dóichí. Ar na daoine sin ba mhó a choimeád beo i gcuimhne na ndaoine í, anuas go dtín ár n-aimsir féin, bhí Peig Bean Uí Réagáin, ón Seanchill sa Rinn, beannacht Dé lena hanam. Ba í tuairim Pheig gur sa tigh ina raibh an 'Ciotóg' Ó Droma, nia Mholly, ag maireachtaint lena cuimhne féin a saolaíodh an file.[10] Ní fios go baileach dén bhliain é sin, mar a deirim, ach is eol dúinn gur phós sí Seamus Turraoin i láthair an Athar Ó Cuinn ar 5 Deireadh Fómhair 1827, i dtigh a dearthár, Seán a' tSrutha Ó Droma,[11] áit inar chaitheadar an bhainis fér chuadar siar go Barra na Faille, mar a raibh gabháltas beag talún acu (Mac Craith 1999), díreach fé bhun Halla de Hindeberg agus Meánscoil San Nioclás sa lá atá inniu ann.[12] 'An Pháirc' a thugtaí coitianta ar an láthair sin, agus is de sin 'Molly na Páirce'.[13] Tá sí ag fuireach leis an síoraíocht i

reilig an tSean Chluain ach, faraor, ní heol dúinn láthair ná bliain chruinn a curtha.

Is pearsa í Máire Ní Dhroma, mar sin, gur beag an t-eolas atá le fáil uirthi i gcuntaisí oifigiúla, ach gur mhair, agus go maireann fós, a hainm is a cáil ar an mbéal beo ina ceantar dúchais féin. Seachas a cuid amhrán in aon chor, d'fhás go leor béaloideasa suas timpeall uirthi. Deir Risteard Turraoin (1908–95), mac mic léi ná maireann (sampla: An Linn Bhuí 2 (1998) 61), go raibh gáirdín breá cabáiste aici i mBliain an Ocrais, tráth a raibh na daoine ar fíorbheagán. Chrom na comharsain ar a bheith ag triall ar Mholly ina nduine agus ina nduine faoi dhéin áprún cabáiste, nó go raibh Molly féin fágtha ar an gcaolchuid – gan fágtha sa gháirdín aici ach na stampaí, damaid chúpla tor nó trí i gcúinne an gháirdín. Bhí imní ag teacht ar a fear céile nuair a tháinig bean bhocht go dtí an doras, gan aon rud sa saol aici, agus í ag impí ar Mholly ruainne éigin a roinnt léi. Labhair Molly lena céile:

> 'Éist a fhir,' arsa sí leis. 'Tiocfaidh a' lá amáireach,' arsa sí, 'agus a chuid lena chois. Beidh ár ndóthaint againne, a fhir,' arsa sí. Tiocfaidh a' lá amáireach,' arsa sí, 'agus a chuid lena chois.'
>
> Dh'imi' sí léithi, agus chuai' sí dtí cúinne a' gháirdín is dócha san áit a bhfuair sí ceann nó b'fhéidir dhá thor, agus thug sí léithi iad is thug sí dhon mbean bhocht so a tháinig dtí an doras iad.
>
> Dh'imigh a' bhean. Maidin darnamhárach nuair a gheal a' lá, nuair a chuadar síos dtí tóin a' tí chun féachaint síos ar a' bhfarraige nó féachaint síos sa ngairdín, thabharthá míle leabhar nár chorraíodh bileog cabáiste as a' ngairdín. Ní raibh dada istigh sa chluthair ach cabáiste. Thabharthá míle leabhar nár bhaineadh le aon stampa a bhí istigh sa ngáirdín ach ga' hao' rud fé chabáiste. . . . Míorúiltí ba ea é. (Turraoin 1998, 61–2)[14]

Scéal é seo a chastar orainn minic go leor sa bhéaloideas, agus ní in Éirinn amháin é. Is féidir móitífeanna idirnáisiúnta de shaghas D1030.1, *Food supplied by magic*, nó D2157.2, *Magic quick growth of crops*, a aithint anseo, mar shampla. Deir McHugh gur scéal é scéal na mná carthanaí 'which occurs with local variations in widely separated districts throughout Ireland' (404), ach gur i bhfoinsí de bhunadh chontae Chorcaí ba mhó a tháinig sé féin air agus a shuirbhé luachmhar, 'The Famine in Irish Oral Tradition' (1956), á chur i dtoll a chéile aige. Scéalta cráifeacha nó *Exempla* iad, dar le Cormac Ó Gráda, scéalta a bhfuil a mbunús i dteagasc na cléire sna meánaoiseanna agus atá, le himeacht aimsire, le sonrú i mbéaloideas coiteann na hEorpa.[15] Deir Póirtéir:



Risteard Turraoin (†23 Lúnasa 1995), Cnocán an Phaoraigh Íochtarach, Rinn Ó gCuanach, ag uaigh a mháthar, Ellen Bagge (†1953), i Reilig Chill Ghobnait, *c.* 1982

> These Irish Famine versions are adaptations of international legends predating the Irish Famine by many centuries. The narrative detail in each version differs as legends involve specific places and people in a locality, but the moral message of the legends is more or less the same: genorosity or prayer is rewarded by divine intervention and the miraculous replacement of lost crops or food. (Póirtéir 2012, 605)

Meabhraítear roinn áirithe de na síscéalta dúinn anseo, leis – iad san, mar a deir MacNeil, '[that reflect] wishful thinking: prolific cows, food mysteriously supplied, purses never without money, lost money restored' srl. (22). Agus, dála na scéalta sin a labhrann ar an saol eile, is dóigh liom gur féidir féachaint ar scéalta de shaghas 'Gáirdín an Chabáiste' mar 'cultural coping mechanisms' i bhfocail Uí Chrualaoich, cuntais a thug fóirithint ar na daoine, 'providing imaginative creativity that could be brought to bear by individual listeners on the private circumstances of their own individual afflictions and misfortunes' (37); '[enabling] imagination and creative imaginative energies to somewhat assuage the troubles and pain of living' (46).

I gcuntas eile lena gariníon ar Mháire Ní Dhroma, deirtear gur tuairim éigin agus an bhliain 1850 a d'éag sí. Agus an file ag ceiliúradh, dh'airigh sí scata ban eileshaolta ag áiteamh leasmuigh d'fhuinneog an tí agus, i bhfocail a chuirtear i mbéal Mholly féin, 'sérd a bhíodar a rá ach má cuirfear thuas me tabharfar anuas arís mé' (CBÉ 151:385), sé sin nár cheart í a chur sa reilig nua, áit a bhfuil an séipéal inniu, ach thíos i reilig an tseana-theampaill. Dúirt sí ina dhiaidh sin lena hiníon fios a chur ar an sagart (an tAthair Purcell, b'fhéidir, nó a chomharba, An tAthair Ó Flannachadha) chun í a dh'ullmhú chun báis. Cuireadh fios air agus tháinig sé, ach bhí den tuairim ná raibh aon phráinn ola uirthi. Chuaigh sí dubh is teann air, áfach, an ungadh déanach a roinnt uirthi, rud a dhein i ndeireadh na dála. Ní fada a bhí sé imithe nuair a fuair Molly bás. 'Ba shin oíche Sathairn Cásca …', a deir Bean Uí Mhuirithe linn, 'bhí sí á tóramh Domhnach Cásca agus cuireag í Luan Cásca' (ibid.).[16]

'Amhrán na bPrátaí Dubha'


Is maith mar is cuimhin le léitheoirí An Linn Bhuí Peig Bean Uí Réagáin agus 'Na Prátaí Dubha' á cur di go díochrach aici. Ba ghreas aithriseoireachta ag Peig é seachas amhrán, agus tuigtear dom gur mhinic é á aithris sa dóigh sin, gan ghuth ceoil a chur leis, sa tseanaimsir, cé go ndeir Eibhlís Tóibín Bean de Paor, de Thóibínigh cheolmhar Bhaile Uí Raghallaigh, go mbíodh sé le clos aicisean mar amhrán, más go hannamh

é, ag cuid dá comharsain ag fás aníos di.[17] Is minic a déantar tagairt don amhrán céanna i saothair staire éagsúla. Ach is mar éarlais nó mar shuaitheantas éigin ón tseanshaol a chaitear leis go rómhinic, chítear dom, seachas mar bhunfhoinse eolais ar an Drochaimsir – cuntas béil ó dhuine a mhair trí ré úd an ghanntain. Tá fúm, anseo anois, an déantús is cáiliúla seo de chuid Mholly na Páirce a phlé rud beag, i bhfianaise a bhfuil ar eolas againn i dtaobh an Ghorta Mhóir sna Déise ó fhoinsí eile.

Tá na Déise lárnach i scéal an Ghorta Mhóir, ar ndóigh, óir bhí Port Láirge, in oirdheisceart na tíre, ar na háiteanna ba thúisce in Éirinn inar thuaraiscíodh *Phytophthora infestans*, nó an dubh, a bheith tagtha ar na prátaí – fómhar na bliana 1845.[18] 'Ar na billeoga' a tháinig sé, a deir Máighréad Ní Fhearghaíola, Ré na dTeampán linn, agus freagra á sholáthar aici ar cheistiúchán de chuid an Choimisiún Béaloideasa a scaipeadh sa bhliain 1945. 'Deirtear gurabh é an C*h*uileog Ghorm a leath an galar trí uibhe do bhreith ar na billeoga', a deir sí. 'Nó deir daoine eile gurabh iad "na seilí cuaiche" a dhein an díobháil' (CBE 1071:410). Deir Daly (1986) go raibh Contae Phort Láirge, chomh maith le Contaetha Aontrama, Mhuimhneacháin agus an Chláir, ar na ceantracha ba mheasa a bhualadh leis an ndúchaint. I mí Dheireadh Fómhair 1846, thuairiscíodh sa *Chronicle and Munster Advertiser* go raibh na céadta i gcontae Phort Láirge ag maireachtaint ar bhéile amháin de bhileoga cabáiste in aghaidh an lae (Broderick 159). Mar mhalairt iomlán ar scéal 'Gháirdín an Chabáiste', tuairscíodh sa *Waterford Mail* (12 Lúnasa 1846) go raibh, i gceantracha áirithe den chontae, 'fields of potatoes which at night appeared perfectly healthy . . . next morning presented the aspect of withering blight' (ibid.). Tagann so go cruinn leis an gcuntas a thug Tomás Mac Craith áirithe (*c.* 70), ó Bharra na hUidhre, ar theacht na bprátaí dubha sa taobh sin: 'I 46 seadh tháinig an dubh ortha annso. Tháinig annso d'aon oidhche ar na crainn. An tráthnóna roimh sin bhí na gáirdíní fá lán-bhláth is barra maith crann ann, an mhaidin na dhiaidh sin bhíodar dubh go talamh' (CBÉ 1071:437).

Foinse phríomhach eolais ar an Drochshaol sna Déise

> 'Rí na Glóire fóir is freagair sinn,
> Scaoil ár nglasa gus réig ár gcás. (Bean Uí Mhuirithe, Heilbhic; CBÉ 151:89)
>
> Leanaí bochta a' béice, a' scréacha gach maidin ann,
> Trí ocras fada is gan dada le fáil. (Sean Turraoin, Heilbhic; CBÉ 246:285)



Dónall Ó Laochdha (28.12.1871–8.1.1965), Baile Mhic Airt, An Sean-Phobal

Ba de cheantar cósta Máire Ní Dhroma, ar ndóigh, áit ina raibh an fheirmeoireacht agus an iascaireacht á gcleachtadh ag mórán ar leibhéal leorchothaitheach. Cé go mba dhóigh le duine ná beadh an gátar céanna ar iascairí agus a dteaghlaigh le linn an ama seo, i bhfírinne bhíodarsan i measc na ndaoine ba mheasa a bhualadh. Meabhraítear na línte seo thuas ag Molly dúinn sa tuairisc a leanas a foilsíodh sa *Waterford Freeman* ar 24 Feabhra 1847. Ag labhairt do ar fhear de bhunadh Dhún an Mainistreach le hais bhaile Dhún Garbháin, fear den sloinne Sheehy, deir an tuairisceoir:

> We found him on his knees offering up his privations and sufferings to his Creator; his poor wife was striving to console her famishing children by promising them that 'God would send them relief tomorrow.' They did not eat a morsel of food that day, and the mother said that herself and John, her husband, did not care about themselves, but the poor children; When they are asking for something to eat and when we have nothing to give them, their cries go through our hearts; they must (added the unfortunate woman in a subdued tone) go to bed supperless tonight, and ''tis long since they got anything like a supper or dinner before'. (in Broderick 161)

In Eanair na bliana '47, deir an *Waterford Freeman* go raibh leathchéad teaghlach le cur as seilbh i mBaile Uí Raghallaigh, ceantar ina raibh na daoine ag brath go mór ar an iascaireacht go traidisiúnta. Ar 20 Márta na bliana céanna san, deir tuairisceoir de chuid *The Chronicle and Munster Advertiser* a raibh turas tugtha aige timpeall na Rinne, Bhaile na Cuirte agus an tSean-Phobail, siar chomh fada leis an Aird Mhór:

> To particularize one or a dozen houses out of each locality would be impossible. Every house you enter (with the exception of the occasional strong farmer's) presents nothing but one black mass of the most deplorable wretchedness. Not a spark of fire on the hearths of nine out of every ten of the wretched houses. And where you do see a 'spark' of fire little larger than a tea-cup, you will behold the squalid and misery-stricken creatures crouching round it, like spectres, with not a human lineament traceable upon their countenances. As to food, good or bad, they have none. (in Broderick 161)

Agus ag teip ar na prátaí bliain as diaidh bliana, nuair a chuaigh an chúis go cnámh na huilinne, dhíol nó dhóigh cuid mhaith desna hiascairí sa Rinn a gcuid bád, le bia agus teas a choimeád leo féin agus lena dteaghlaigh,

sa dóigh is nach raibh ach naoi mbád ag iascaireacht as Baile na Gall agus an Gorta ina bhuaic. Ar iarratas an Oirmhinigh James Alcock (1803–93), tháinig Cumann na gCarad i gCathair Phort Láirge i gcabhair ar mhuintir na Rinne. Lena gcúnamhsan, chuireadh báid agus trealamh iascaireachta ar fáil an athuair, agus thógadh Cé Bhaile na nGall sna blianta 1848 agus 1849 (Johnson 229). Dheineadh dul chun cinn nár bheag le linn an ama sin, agus deir Nioclás Ó Gríobhtháin liom go raibh suas le leathchéad bád le háireamh ag iascaireacht as an gcé nua faoin mbliain 1850. Ach bhí blianta crua curtha díbh ag muintir na Rinne fén aga san:

> Na prátaí dubha a dhein ár gcomharsana a scaipeadh orainn,
> A chuir sa phoorhouse iad is anonn thar farraige,
> I Reilig an tSléibhe tá na céadta acu treascartha
> Is uaisle na bhFlaitheas go ngabha a bpáirt. (Tóibín 1978, 19)

Labhrann an véarsa seo thuas go díreach ar dhán na ndaoine sa Rinn san aimsir san: ar an bhfaoiseamh a lorgaíodh i dtigh na mbocht fán mbaile; ar na céadta a thug críocha i bhfad i gcéin orthu féin; agus ar an gcarn eile a chailleadh den ocras nó den bhfiabhras sa cheantar máguaird. 'The great dread of the people in the famine times', a deir de Chlanndiolúin 'was not so much death, as the poorhouse, and its inexorable separation of husband and wife, and of parents and children' (de Chlanndiolúin agus Ní Annagáin 15). Faoi earrach na bliana '47, bhí an *poorhouse* i nDún Garbhán lán go boimbéal agus na céadta á gcur ó dhoras. Osclaíodh Reilig an tSléibhe an bhliain chéanna sin le freastal air, agus reiligí eile an bhaile lomlán faoin dtráth sin.[19] Deir Pádraig Ó Mathúna liom gur airigh sé, ag fás aníos do, na seandaoine ag rá go dtugtaí trí thrucail corpán in aghaidh an lae ann lena gcur san am ba ghéara don Ghorta. I mblúire seanchais a bhreac Seosamh Ó Dálaigh uaidh sa bhliain 1948, deir Dónall Ó Laochdha, as Baile Mhic Airt, gur '[c]uireag cuid acu ná raibh t'réis bháis chuigint'. Dh'airigh sé gur thugadh bean amach ó thigh na mbocht ann agus 'nuair a caitheadh an chré uirthi chuir sí an cumhad den choifín' (Verling 577). De réir chuntais eile, thógadh cailín aníos as uaigh ann ina beathaidh, chuaigh sí ar aghaidh agus bhí muirín uirthi ina dhiaidh sin.

> Ós mar gheall ar an bpeaca so tháinig an chluain seo eadarainn
> Oscail ár gcroí agus díbir an ghangaid as
> Leig braon arís ded fhuil chun a chneasaighthe,
> Agus uaisle na bhFlaitheas go ngabhaid a bpáirt. (Tomás Breatnach, An Cnocán; CBÉ 332:270)

Maidir leis an bpeaca so thuasluaite, 'an peaca claon' mar a thugtar in áiteanna air,[20] a shamhlaíodh a bheith ag teacht idir Dia agus a phobal, deir Bean Uí Chrotaigh (75), Barra na hUidhre, gur chreid a lán nár ghorta ceart a bhí ann ar aon chor acht Pláig ó Dhia de bharr an méid daoine a thóg an geall ón Athair Maitiú is a bhris arís ina dhiaidh sin é. 'Ionnas gur mó a n-ocras ná'n tart a thug ortha an geall a thógadar a bhrise a chuir Dia an sgiúirse sin chuacha' a deir sí (CBÉ 1071:430). Chreideadh in áiteanna eile gur i ngeall ar ar chuireadh amú de phrátaí, tráth a rabhadar fliúirseach agus saor ó theidhm, a chuireadh an pionós trom seo ar na daoine. Deir Máire Bean Uí Cheantúil (76), Barra na hUidhre, ná raibh barra prátaí ní ba bhreághtha riamh ag na daoine ná é sin a bhí acu 'an bhlian fé'r tháinig an dubh orthu don chéad uair':

> Is amhla bhí na 'pits' cois na claidhtheacha is níor tugadh isteach a leath, bhíodar chomh fairsing sin .... San mblian 47 dhreoidh na prátaí san talamh. Ní raibh dada astu an bhlian sin. Ar feadh seacht mbliana d'fhan an dubh ortha i gcuma éigin is an bhlian na dhiaidh sin bhíodar chomh maith is a bhíodar riamh. (CBÉ 1071: 427)[21]

Maítear san amhrán nach é toil Dé go mbeadh an cruatan seo ar fad á fhulaingt agesna daoine – tuairim a bhí á chur chun cinn ar leibhéal áirithe – ach gurbh é ainghníomh lucht an rachmais ba chúis leis, fad is go gcáintear go neamhbhalbh neamhfheidhm na n-údarás ag an am:

> Ní hé Dia do cheap riamh an obair seo
> Daoine bochta do chur le fuacht is le fán
> Iad do chur san 'poor house' go dúbhach is glas orra
> Lánamhnacha pósta scartha go bás! (Michéal Ó Dálaigh, An Chúil Rua; CBÉS 642:12)

Deirtear go raibh an déantús crosta ag an gcléir – ag cara Mholly, an t-Athair Purcell féin, b'fhéidir – i ngeall ar na línte seo, óir, mar a mhíníonn seanNioclás Tóibín (1890–1966), a bhailigh an leagan a foilsíodh in *Duanaire Déiseach* ó chomharsa leis, Seán Ó Meachair, a raibh cónaí air i ngabháltas taobh leisean inar mhair Mollaí féin tráth, 'is é toil Dé nó ceadú Dé gach aon rud, bíodh sé olc nó maith' (1978, 17).[22] Ach más crosta féin a bhí 'Amhrán na bPrátaí Dubha', níor chuir san mórán de langaide air. Is minic a chastar orainn é sna cnuasaigh bhéaloidis,[23] agus déarfaí fós nach é an t-amhrán is lú ar fad a bhfuil cur amach ag muintir na Rinne agus an tSean-Phobail air, ná go deimhin ag pobal mór na hÉireann anois le himeacht na mblianta.



Máire Turraoin (1911–2000), Cnocán an Phaoraigh Íochtarach, Rinn Ó gCuanach, gurbh í Molly na Páirce a sin-seanmháthair

Bíodh is go bhfuil an Gorta Mór ar na tubaistí ba mhillteanaí dár tharla riamh i stair an oileáin seo, agus bíodh is gur luigh sé chomh trom céanna ar bhólaí áirithe desna Déise agus a dhein ar mhórán aon chearn eile den tír, díol suime é a laghad tagairtí a deintear dó sa traidisiún amhránaíochta, ná sa traidisiún béil trí chéile – sa chúinne thoir theas seo den tír, pé'r sa domhan de. Ba thréimse í inar tháinig laghdú de thuairim is an ceathrú cuid ar dhaonra pharóiste shibhialta Rinn Ó gCuanach, sin idir a 1841–51 (Burtchaell 276). Cuireann so go léir le tábhacht an déantúis seo Mholly na Páirce, 'Amhrán na bPrátaí Dubha', mar bhunfhoinse eolais agus sinn ag iarraidh solais a chaitheamh ar ar fhulaing na daoine agus ar a bhfacadar sa ré dhorcha úd.

Tá tosach staidéir déanta anseo againn ar an mír shuntasach seo de bhéaloideas an oirdheiscirt, agus is léir gur mhaith mar a chúiteodh a thuilleadh anailíse ar an amhrán breá seo, agus ar an aistear a dhein sé, an té a raghadh ina bun, ón fháilte fhuar a fuair sé tráth a chumtha, go dtí an áit leithleach atá bainte amach aige, fad ar fhad, i dtraidisiún béil cheantar na nDéise.

Aguisín

An Táilliúir

Ba érd é ná táilliúir agus bhí madra aige agus bhi an táilliúir pósta agus dh'eirigh lá, dh'éirig*h* achrann idir an dtáilliúir agus mac bhean-a-tí' mar gheall ar a' madra. Is amhla bhuail mac bhean-a-tí' an madra agus dúirt a' táilliúir 'an té a bhuailheach mo mhadra buaileach sé mé héin'. Ach d'airigh mo sheana mháthair Máire ní Dhroma – Molly [caint] ar an mbruíon a bhí idir an dtáilliúir agus an fear eile agus dhein sí amhrán a' mola an táilliúir'

Mhairhinn choíche a' trácht ort
Feabhas do 'gh*auge*' chun geárrtha
T'fhaid bhreá bhinn do shnáthad
A' fásca an dá thrúis
Sí mo ghnú a bhí cruinn gan bhásta
Gur thuit a' dúithe i ngrá' leis
Gan géire* a b'iú é trácht air
Le fáil ar a bhórd.

* = píosaí bhásta

Go bhfeicead-sa tigheas is téagar
Agut-sa a Phaidí Carey
Frolic agus fraec[24] agut
Féile agus spórt,
Agus scainnse agut mar chéile
A mbeig a gruag ar dhach na caortha
Agus a leanaí fionn' á mbréaga
Agen spéir-bhruinneall óg.
Airgead bán ó Hélen
Nótaí ó bhainnc na h-Éireann
Sult is meidhir a ghléasa
Is nár* dhé sin a' spórt (CBÉ 151:345-47)

* = nárbh é

Amhrán na Méire

Tráthnóinín agus mise go súgach
me a' déana' mo ghnúha dhom héin
agus ní cúlchainnt ar aoinne des na comharsain
nach a' tabhairt mola' d'Úrmhac na Naomh
'er a chuala mé an duain ós na Giúdaigh
go raibh a' t-áirseóir á fhuasailt agen ché
a chuid fola' do dhorta' a bhí dúbalta (?)
go fogus don dúihe go léir.

Dh'iosruíos-sa go ceannsa is go ciúin dív
'cuir m'achuiní le dúrtach chun Dé
síocháin a choimeád imeasc na gcúmharsain
le na linn sin dheineag brúscar dhém mhéir.
Dh'eistíos-sa agus dh'fhoighníos a' pionús úd
le grá dho Úrmhac na Naomh
le heagla an scéil a lasa' ná a dhúiseacht
b'eárr liom é mhúcha' go réig.

Ner a chuíníos-sa im chroí' ar a' gcúmhairle
Dág Rí gheal cumhachta as a déig
Maithim se mar a mhaith sé don nGiúdach
Thréis a clea' (= tsleagh) úd a mhúcha' na thaobh.

Ach geallaim dív go' slachtmhar é 'úr gcúnntas
i láthair Rí chomhachta na Naomh
beig aingil na bhFlaitheas núr núra'
agus núr nglaca go cúirt gheal Mhic Dé. (CBÉ 151:378–79)

An Tuinncéir

Thagach Fr Purcell aniar dtí Molly a' baint amhráin aisti agus seo an ceann a dúirt sí lá do. 'Amhrán an Tuinnceara'.

Preabán in áit píosa agus slachar an úrláir
Mar phlasteráil thíos leis 'er a dh'imeoig a bleagárd
Agus gheó sé a dhíol uait agus cé de a bhainfe tú sásamh
'er a bheig do chorcán a' ligint tríd ort.

Ní tuinncéir mise ná bleagárd tíreach
Agus a' góilt an áit seo nea-cheárr aríst
Agus tabharha me sásamh in áit duit
Má bhíonn a' corcán a ligint tríd ort. (CBÉ 151:371)

Na Gleannta

A Ghleann so na Léithe ní féidir gan tú mhola'
bíonn mil bhuí agus céir ann gus bréithre na bhfochair
abhlóirtí cúrtha ann is iad a' lúba le torthaí
agus tithe breágha aolmhara athá déanta de chlocha.

Gleann Pholl a' Phúca an áit i mbíoch ubhall ar gach craobh ann
gach tráthnóinín sámhradh fíon fionn ann á thaosca'
bhíodh an fhaoileann ar a' ngeal tráig a' tabhairt scivárd[25] den éisc léi
is ór buí sa chupán sa ghleann áluinn so taov linn.

Tá cnoc agen duine uasal is ró-mhór é eadarainn
b'ainm dó cnoc a' Luachair chuaidh a thuairisc go h-Albain
is na laoigh óga a' géimre is a' léimre gan mearthall . . .

Cá bhfuil a' t-ughdar a chuir tús leis na gleannta
á mola le dúthracht is gan ionnta acht feabhraid
bhíoch aiteann mín gaelach agus fraoch glas gan tomhascailt
agus uisce dul le fána sé is áille ins na gleannta (CBÉ 151:88–89)

An Siota

Des na Dromaíg ba ea' an Siota agus tá an pháirc thíos gairid mar a buil Michéal Ó Cionnaola 'na chónaí. Agus cheap Molly rabhán di sin leis:

A Shiota na sál árda is gránna é do sheasamh
agus dhéanhach do dhá sháilse grafán i gcnoc aitinn
agus á gcrothfá an sparán dom is a dh'áireamh dom dathad,
ní thabharhainn sa pháirc úd a' tabhairt náire dhom charaid.
(CBÉ 151:390–91)

Na Prátaí Dubha

Rí na glóire fóir is freagair sinn
scaoil ár nglasa gus réig ar gcás
sa bheatha so arís ód chroí' go gcasair chúinn
is an púr*house* go leagtar anuas ar lár.

Ós mar gheall ar ár bpeacaí claon tháinig an chéim seo eadarainn
oscail ár gcroí' agus díbir a ghangaid as
leig braon beag aníos ód chroí chun sinn chneasaihe
is beidh mise i t'fhaire gach alt de lá

Is mó mór-uaisle a buil mórchuid treibh acu
a bheadh úsáideach san obair seo do rí geal na ngrás
iad a chuir insan 'púrhouse' go dúch gus glais orra
lánúnacha pósta bheith scartha ann go brách

Leanbhaí óga a thógadar suas go buacach le n-anglais
do scuabadar uatha iad gan truagh gan taise dhúinn
go mbeidh go lá an luain ach súip agus aindeise
is amáireach á dteagasc le haghaidh an bháis.

Mar guidhimid ar neún a siúbhal an drúcht go maidin duit
as san go tráthnóna a' cur cúrthaí alluis dinn
níl aon mhaith nár ndícheall mar a mbeidh Íosa guinn freagarach
teigí-se abhaile is tá bhúr dtithe ar lár.

Níl aoinne sa saol so athá a' déana na carthannachta
ná féachaint ar an aindeise athá ár gcrádh

ná deirim se leo go bé stór é is fearra dhóibh
beidh sé rómpa is na flaithis ar uair a mbáis.

Beidh a' mhaighdean chúchtach go húl dá nglaca' isteach
is aingil go leor a' singiúnt ceoil i bpairithis
dá easpol déag a' déana dhóibh carthannacht
stór ná beidh caithte 'cu go luan lae bráth. (CBÉ 151:89–91)

Nótaí

1. A bhuíochas san leis an gcomhoibriú a chuireadh ar bun i 2009 idir Taisce Cheol Dúchais Éireann (TCDÉ) agus an Berlin Phonogramm-Archiv (BPA). Gheofar cuntas iomlán ar an togra tábhachtach seo in Ziegler, 2012. Gabhaim buíochas anseo le stiúrthóir TCDÉ, Nicholas Carolan, as an deis a thugadh dom na taifeadtaí seo a scrúdú. Is féidir iad a chlos anois ach dul go dtí an suíomh seo a leanas: `http://www.itma.ie/digitallibrary/playlist/itma-henebry-cylinder-recordings-1905`, breathnaithe ar 11 Meitheamh 2015. **2**. Tagraítear di ar chárta catalóige an Berlin Phonogramm-Archiv mar 'Margaret m' [*recte* ?ní] Neill', cailín a raibh 13 bliain aici ag an am, rud is cruinne, measaim, ná na deich mbliana a thugtar di in *Handbook* de Hindeberg (1928). Féach `http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai001246780/`, breathnaithe ar 24 Aibreán 2015, mar a luaiter 'Margaret Neill' (8), 'scholar' in 'Ballyreilly, Ringagonagh'. Is fiú a rá anseo, leis, gurbh í an 'Margaret Neill' eile a luaitear ar an taifead céanna deirfiúr fhear an tí, Michael Neill (bean a raibh 49 bliana aici um a dtaca sin), an té a chum an t-amhrán grinn sin 'An Cat Fireann Bán', a bhfuil cuntais le fáil air in Breatnach, 1931; Tóibín 1978, 61–6 agus 2005, 86–9. **3**. Mar seo atá ar chárta catalóige an BPA. Féach Ziegler 2012, 13. **4**. Féach mar shampla CBÉ 151:341–42; 152:529–31. Meabhraíonn Seán Ó Cionnfhaolaidh dúinn, chomh maith, go mbíodh port dar teideal 'Brollach na nGaibhne' á ghabháil ag a mháthair, an t-amhránaí cáiliúil Bríd Ní Núnáin Bean Uí Chionnfhaolaidh (sampla in An Linn Bhuí 2 (1998) 87). Féach Ó Cionnfhaolaidh 1998, 88 agus 'Brollach na nGaibhne (cor)' in Ó hÓgáin 1994, 68. Tugtar 'Na Gainers' coitianta ar na carraigeacha seo, leis. Féach Power, 1907: 101. **5**. Tras-scríbhinn ón taifead fuaime leis an údar. **6**. I gcuntas a bhailigh Nioclás Breatnach ó Mhíchéal Ó Roille (Ó hIarlatha), Ceann an Bhathala, an 17 Eanair 1936, deir sé gur amhrán é seo 'a dhineag do mhuinntir na Rinne, ner a bhídís a' baint a' triscir thall ar na Gaingthe fadó, suas le deich mbliana agus fiche nú béidir dathad bliain ó choin' (CBÉ 152:531). **7**. Is le caoinchead Stiúrthóir Chnuasach Bhéaloideas Éireann (CBÉ), An tOllamh Ríonach uí Ógáin, a fhoilsítear sleachta ón gCnuasach anseo. Níor chuireadh aon athruithe i bhfeidhm ar an ábhar seo ach é a chur síos faoi mar a fuarthas sa Chnuasach é. Táim buíoch den chomhairle a chuir Cartlannaí an Chnuasaigh orm, an tUas. Críostóir Mac Cárthaigh, agus an t-alt seo á chóiriú agam. **8**. Ní thagann Maidhc Dháith Turraoin leis an tuairim gurbh í Máire Ní Dhroma a chum na rannta seo. Féach cuntas Mhaidhc ar an

déantús céanna in Verling 387. **9**. Féach, chomh maith, CBÉ 150:504, 06, 08. Bhí Maidhc Dháith Turraoin i láthair nuair a bhreac an bailitheoir béaloideasa, Seosamh Ó Dálaigh, leagan de 'Amhrán na bPrátaí Dubha' ó bhéalaithris Dhónaill Uí Laochdha (80), Baile Mhic Airt, ar 25 Márta 1948, agus bhí an tuairisc seo a leanas aige ar an dá amhrán: 'Neilí na Páirce a dhein é sin ['Na Prátaí Dubha'], Máiréad Turraoin ab ainm di. Bhí gaol agam fhéin léi. .... Sin í a dhein "Na Gleannta". Mhol sí iad go léir ar dtúis agus ansan dh'ampaigh sí thimpeall agus cháin sí arís iad' (in Verling 577). Ní foláir nó gur Molly, seachas 'Neilí', a bhí i gceist anseo aige. Is cosúil gur leagan áitiúil é 'Na Gleannta' d'amhrán ar a gcastar i gceantracha eile faoin teideal céanna. Tá cuma na cirte ar a ndeir Ó Cróinín, gurb é atá i leagan Mhúscraí 'verses which were sung extempore by guests at a wedding, each in praise of his own locality' (162). Féach, leis, Ní Shúilleabháin, in Ó Conghaile et al., 475; 794. **10**. Féach tigh uimhir a 53 sa léarscáil a sholáthair Mac Craith lena alt, 'Baile na nGall Mór agus Beag', in An Linn Bhuí 3 (1999). Mo bhuíochas le Paula Bean Uí Uallacháin as líníocht den bhaile a dhein Peig Bean Uí Réagáin di i nóchaidí an chéid seo caite a roinnt liom, agus leis an Dr Stiofán Ó Cadhla a phléigh liom ina dhiaidh sin é. **11**. Féach tigh uimhir a 59 ar léarscáil Mhic Craith, maille le sampla den áitreabh in An Linn Bhuí 3 (1999) 60. **12**. Féach sampla den áitreabh in An Linn Bhuí 2 (1998) 42. **13**. Féach Mac Craith 1998, 38 mar a bpléitear láthair agus achar cruinn na Páirce. **14**. Tugtar véarsa amháin as amhrán eile le Molly, amhrán ina a dtugtar buíochas do Dhia as barra breá prátaí a thabhairt, sa chur síos seo, leis. Féach Turraoin 1998, 62. **15**. Tuairimíonn Ó Gráda (1994, 30) gur leaganacha iad de thíp AT 750B, *Hospitality Rewarded* i gclár na scéalta idirnáisiúnta, ach ba chruinne iad a áireamh faoin gcineál ATU 779, *Miscellaneous Divine Rewards and Punishments*, mo thuairim. **16**. Féach, chomh maith, an cuntas ag Bean Uí Mhuirithe ar dhearthár Mholly (CBÉ 151:390), gur tháinig a mhuintir oíche air agus é ag bruíon lena scáil féin. Ba mhinic ina dhiaidh sin a tharraingíodh Molly anuas leis é mar ábhar magaidh, de réir dealraimh. **17**. Clos 'Na Prátaí Dubha' ag dearthár Eibhlís, an t-amhránaí clúiteach, Nioclás Tóibín, ar Tóibín 1999, rian a 18. **18**. Cé go dtánathas ar an dubh ar phrátaí i nGarraithe Náisiúnta na Lus, Glas Naíon, ar 20 Lúnasa 1845, bhí an 6 Meán Fómhair ann sarar thuairiscíodh sna nuachtáin in Éirinn é (Ó Gráda 1989, 39). Is i Meán Fómhair a chéadchnocthas an dubh ar phrátaí i bPort Láirge (Burtchaell 25), ach ní go dtí an 19 Deireadh Fómhair 1845 a fhaightear tuairisc oifigiúil ó cheantar na nDéise air (O'Regan 33). **19**. Tá an reilig seo suite roinnt bheag mílte laisteas de bhaile Dhún Garbhán, ar imeall pharóiste na Rinne agus an tSean-Phobail, sa ngabhal talún sin idir Bóthar Wedger agus Bóthar Eochaille, i mbaile fearainn an Pholladh, i ngiorracht cúpla céad slat don tigh ósta a dtugtar 'An Seanachaí' air sa la atá inniu ann. **20**. Féach Tóibín 1978, 19. **21**. Cf. Póirtéir 1995, 221 mar a bhfuil a mhacasamhail de chuntas le léamh ó chontae na hIarmhí. Deir Póirtéir gurb é an léamh seo ar an nGorta Mór an míniú is coitianta ar a gcastar sa seanchas. **22**. Maidir le háitreabh Uí Mheachair, féach Mac Craith 1998, 35. **23**. Féach, mar shampla, CBÉS 642:11; 642:122; 646:97; CBÉ 151:89–91; 246:284–86; 332:270–72.

24. Ó hAirt, s.v. fraeic: 'Is maith le daoine óga imeacht ar a bhfraeic agus ar a n-ábhar féin'. **25**. Cf. Breatnach 1961, s.v. sgamhárd.

Liosta léitheoireachta

Aarne, Antti agus Stith Thompson (eag.). 1961. *The Types of the Folktale* (Helsinki)

Breatnach, Nioclás. 1931. 'An Cat Fireann Bán', *An Lóchrann* (Samhain)

Breatnach, Risteard B. 1961. *Seana-chaint na nDéise II* (Baile Átha Cliath)

Broderick, Eugene. 1995. 'The Famine in Waterford as Reported in the Local Newspapers', in Des Cowman agus Donald Brady (eag.) *The Famine in Waterford 1845–1850: Teacht na bPrátaí Dubha* (Baile Átha Cliath)

Burtchaell, John. 1995. 'An Overview of the Famine in Waterford', in Des Cowman agus Donald Brady (eag.) *The Famine in Waterford 1845–1850: Teacht na bPrátaí Dubha* (Baile Átha Cliath)

Cross, Tom Peete. 1969. *Motif-Index of Early Irish Literature* (Nua Eabhrac)

de Chlanndiolúin, Séamus agus Máighréad Ní Annagáin. 1927. *Londubh an Chairn* (Oxford)

Henebry, Richard [Risteard de Hindeberg]. 1928. *A Handbook of Irish Music* (Corcaigh)

Johnson, Joan. 1995. 'The Quaker Relief Effort in Waterford', in Des Cowman agus Donald Brady (eag.) *The Famine in Waterford 1845–1850: Teacht na bPrátaí Dubha* (Baile Átha Cliath)

Mac Craith, Nioclás. 1999. 'Baile na nGall Mór agus Beag', An Linn Bhuí 3, lgh 38–61

———, 1998. 'Cnocán an Phaoraigh Íochtarach', An Linn Bhuí 2, lgh 33–43

McHugh, Roger J. 1956. 'The Famine in Irish Oral Tradition', in R. Dudley Edwards agus T. Desmond Williams (eag.) *The Great Famine: Studies in Irish History, 1845–52* (Baile Átha Cliath)

Ó Cionnfhaolaidh, Micheul (eag.). 1956. *Beatha Mhichíl Turraoin* (Baile Átha Cliath)

Ó Cionnfhaolaidh, Seán. 1998. 'Bríd na Páirce an Bhéil Bhinn', An Linn Bhuí 2, lgh 86–88

Ó Conghaile, Micheál, Lochlainn Ó Tuairisg agus Peadar Ó Ceannabháin (eag.). 2012. *Leabhar Mór na nAmhrán* (Indreabhán)

Ó Cróinín, Dáibhí (eag.). 2000. *The Songs of Elizabeth Cronin* (Baile Átha Cliath)

Ó Crualaoich, Gearóid. 2005. 'Reading the Bean Feasa', *Folklore* 116/1, lgh 37–50

Ó Drisceoil, Proinsias. 2001. 'Is Fearr Deireannach ná Go Brách', An Linn Bhuí 5, lgh 53–7.

Ó Gráda, Cormac. 1994. *An Drochshaol: Béaloideas agus Amhráin* (Baile Átha Cliath)

———, 1989. *The Great Irish Famine* (Londain)

Ó hAirt, Diarmaid. 1988. *Díolaim Dhéiseach* (Baile Átha Cliath)

Ó hÓgáin, Dáithí. 1994. *Binneas Thar Meon I: Cnuasach d'Amhráin agus de Cheolta a Dhein Liam de Noraidh in Oirthear Mumhan* (Baile Átha Cliath)

O'Regan, Ted. 1995. 'First Responses to Blight', in Des Cowman agus Donald Brady (eag.) *The Famine in Waterford 1845–1850: Teacht na bPrátaí Dubha* (Baile Átha Cliath)

Póirtéir, Cathal. 1995. 'Folk Memory and the Famine', in Cathal Póirtéir (eag.) *The Great Famine* (Corcaigh)

———, 2012. 'The Folklore of the Famine: Seanchas an Drochshaoil', in John Crowley, William J. Smyth agus Mike Murphy (eag.) *Atlas of the Great Irish Famine* (Corcaigh)

Power, Patrick. 1907. *The Place-Names of Decies: Logainmneacha na nDéise* (Corcaigh)

Smith, Thérèse. 2012. 'Introduction: Footprints in Our Sand', in Thèrese Smith (eag.), *Ancestral Imprints: Histories of Irish Traditional Music and Dance* (Corcaigh)

Thompson, Stith (eag.). 1955–58. *Motif-Index of Folk-Literature: A Classification of Narrative Elements in Folktales, Ballads, Myths, Fables, Medieval Romances, Exempla, Fabliaux, Jest-books and Local Legends*, 6 Iml. (Bloomington)

Tóibín, Nioclás. 1978. *Duanaire Déiseach* (Baile Átha Cliath)

———, 2005. 'Dinnseanchas', An Linn Bhuí 9, lgh 86–93

Tóibín, Nioclás. 1999. *Rinn na nGael* (Cló Iar-Chonnacht CICD104)

Turraoin, Risteard. 1998. 'Gáirdín an Chabáiste', An Linn Bhuí 2, lgh 60–63

Uther, Hans-Jörg (eag.). 2004. *The Types of International Folktales* (Helsinki)

Verling, Máirtín (eag.). 2007. *Leabhar Mhaidhc Dháith: Scéalta agus Seanchas ón Rinn* (An Daingean)

Ziegler, Susanne. 2012. 'From Waterford to Berlin and Back to Ireland: Richard Henebry's Wax Cylinder Recordings and the Berlin Phonogramm-Archiv', in Thèrese Smith (eag.) *Ancestral Imprints: Histories of Irish Traditional Music and Dance* (Corcaigh)